

Fíricí Suimiúla do Dhaltaí Bunscoile Sinsearacha



An Ghaoth

Céard is gaoth ann?

Is ionann gaoth agus aer atá ag gluaiseacht.

Conas a chruthaítear gaoth?

Cruthaíonn teas na gréine difríochtaí brú san atmaisféar, agus, dá bharr sin, tosaíonn an t-aer ag gluaiseacht mar ghaoth. Tá aer te níos éadroime ná aer fuar.

An féidir gaoth a fheiceáil?

Ní féidir gaoth a fheiceáil ach is féidir an éifeacht a bhíonn aici ar rudaí timpeall orainn a bhrath. Mar shampla, nuair a shéidtear duilleoga ón talamh.



Is féidir linn an ghaoth a chloisteáil chomh maith, go háirithe nuair a bhíonn sé an-ghaofar. Is fórsa í an ghaoth. Má tá tú ag siúl ina haghaidh féadann tú a cumhacht a bhrath.

Saghsanna éagsúla gaoithe

Trádghaotha


Is ionann trádghaotha agus na gaotha atá ag gluaiseacht go cothrom i dtreo an mheánchiorcail. San 18^ú haois, d'úsáid soithigh éadaigh iad mar threoir chun an tAigéan Atlantach a thrasnú.



Scairdshruthanna

Is ionann scairdshruthanna agus na gaotha atá ag séideadh thart ar 10 Ciliméadar os cionn an domhain. Féadann siad a bheith suas go 4,000 Ciliméadar ar fhad, ach ní bhíonn siad níos lú ná 500 Ciliméadar ar leithead.

Níor aimsíodh iad go dtí an Dara Cogadh Domhanda nuair a chonaic píolótaí trodaíochta Gur ísligh a luas aeir agus iad ag gluaiseacht ina n-aghaidh.



Leoithní Farraiqe

Ar lá te grianmhar ní athraíonn teocht na farraiqe mórán ach téann an talamh suas go tapa. Ardaíonn aer te na talún agus gluaiseann aer fionnuar na farraiqe isteach ina áit. Glaoitear leoithní farraiqe ar an ngluaiseacht aer seo.

San oíche, tarlaíonn a mhalairt agus cruthaítear leoithní talún.

Céard is gaothfhuarú ann?

Is ionann gaothfhuarú agus an éifeacht fhuaraithe a bhíonn ag gaoth ar an gcráiceann. Ma tá an gaoth láidir, cailltear teas ón gcráiceann agus braitheann duine nó ainmhí fuar dá bharr.

Céard is muileann gaoithe ann?

Úsáideadh muilte gaoithe chun cruithneacht a mheilt tráth, ar mhaithe le plúr a dhéanamh.

Inniu, úsáidtear iad chun leictreachas a ghiniúint.



Cá bhfuil an áit is gaofara ar domhain?

An áit is gaofara ar domhain ná Cósta Sheoirse V in Antartaice, áit ar taifeadadh gaotha de 320 Ciliméadar.

Céard iad gnáthghaota na hÉireann?

Tagann gnáthghaoth na hÉireann aniar aneas.

Má tá gaoth ann in Éirinn, is ón treo sin a thagann sí de ghnáth



Cén ionstraim a úsáidtear chun gaoth a thomhas?

Tomhaiseann ainéimiméadar bunúsach luas gaoithe ag úsáid cupaí rothlacha.

Úsáidtear eite ghaoithe chun treo na gaoithe a léiriú. Bíonn siad le feiceáil go hiondúil ar spuaiceanna séipéal.

An bhféadfá pictiúr a tharraingt d'eite ghaoithe?

